| Gaeilge | Béarla |
|---|---|
| **1. Chuaigh an chlann cois farraige.** | **The family went to the sea.** |

| | |
|---|---|
| **2. Bhí na sluaite ann an lá sin.** | **There were crowds [of people] there that day.** |
| a. an slua / na sluaite | the crowd / the crowds |
| b. an lá / an lá sin / an lá seo | the day / that day / this day |

| | |
|---|---|
| **3. Bhí na mná ina luí faoin ngrian.** | **The women were lying down under the sun.** |
| a. an bhean / na mná | the woman / the women |
| b. an ghrian / faoin ngrian | the sun / under the sun |

| | |
|---|---|
| **4. Bhí na fir ag léamh agus ag éisteacht leis an raidió.** | **The men were reading and listening to the radio.** |
| a. an fear / na fir | the man / the men |
| b. Éist **liom**! | Listen **to me**! |
| c. Tá mé ag éisteacht **leat**. | I’m listening **to you**. |
| d. Bhí mé ag éisteacht **leis**. | I was listening **to him**. |
| f. D’éist sé **léi**. | He listened **to her**. |
| g. Éisteoidh sé **linn**. | He’ll listen **to us**. |
| h. Ní raibh mé ag éisteacht **libh**. | I wasn’t listening **to ye**. |
| i. Níl sí ag éisteacht **leo**. | She’s not listening **to them**. |
| j. D’éist mé **le** m’athair. | I listened **to** my father. |
| k. Ná héist **leis an** raidió. | Don’t listen **to the** radio. |

| | |
|---|---|
| **5. Ba dheacair áit shuite a fháil.** | **It was difficult to find a sitting place.** |
| a. deacair / is deacair / ba dheacair | difficult / is difficult / was difficult |
| b. an áit | the place |
| c. áit mhaith | a good place |
| d. Faigh gloine dom, le do thoil. | Get me a glass, please. |
| e. Ba mhaith liom bia a fháil. | I’d like to get some food. |
| f. Ba mhaith liom an bia a ithe. | I’d like to eat the food. |

| | |
|---|---|
| **6. Faoi dheireadh, tháinig siad chuig carraig mhór agus shuigh siad in aice léi.** | **At last, they came to a big rock and they sat down next to it.** |
| a. an charraig / an charraig mhór | the rock / the big rock |
| b. Shuigh siad in aice liom. | They sat next to me. |
| c. Shuigh siad in aice leis an gcarraig. | They sat next to the rock. |

| **7.** ***Gearóid*****: Táim marbh leis an teas.** | ***Gearóid*****: I'm dying with the heat.** |
|---|---|
| a. Tá mé go maith. | I'm fine. |
| b. Táim go maith. | I'm fine. |
| c. Tá muid go maith. | We're fine. |
| d. Táimid go maith. | We're fine. |

| **8.** ***Dónall*****: Beidh rás againn chomh fada leis an uisce.** | ***Dónall*****: We'll have a race as far as the water.** |
|---|---|
| a. Tá cat **agam**. | I have a cat. |
| b. An bhfuil foclóir **agat**? | Do you have a dictionary? |
| c. Níl carr **aige**. | He doesn't have a car. |
| d. Bhí gúna deas **aici**. | She had a nice dress. |
| e. Beidh cupán tae **againn**. | We'll have a cup of tea. |
| f. An mbeidh caife **agaibh**. | Will ye have some coffee? |
| g. Ní bheidh an t-am **acu**. | They won't have the time. |

| **9.** ***Mairéad*****: Fan go bhfaighidh mé mo chaipín snámha.** | ***Mairéad*****: Wait until I get my swimming cap.** |
|---|---|
| a. Fan go n-ólfaidh mé an tae. | Wait until I drink the tea. |
| b. Fan go ndéanfaidh mé é. | Wait until I do it. |
| c. Fan go dtiocfaidh d'athair abhaile! | Wait until your father comes home! |
| d. snámh / caipín snámha | swimming / swimming cap |

| **10.** ***Gearóid*****: Déan deifir.** | ***Gearóid*****: Hurry up.** |
|---|---|

| **11.** ***Dónall*****: A haon! a dó! a trí! isteach!** | ***Dónall*****: One! Two! Three! In [we go]!** |
|---|---|

| **12. Bhí an-spórt acu san uisce.** | **They had great fun in the water.** |
|---|---|

## Dán — Poem
(le Lucy Nic Sheáin)

| **An Fharraige** | **The Sea** |
|---|---|
| Tá an fharraige ag rince, | The sea is dancing, |
| Ag rince leis na héisc. | Dancing with the fish. |
| Níl na portáin ag rince | The crabs aren't dancing |
| mar tá siad ar an trá. | since they're on the beach. |
| | |
| Tá céilí san fharraige anocht | There's a ceili in the sea tonight |
| Agus tá cuireadh agam. | And I have an invitation. |
| Beidh spórt agus ól againn | We'll have fun and drink |
| leis an bhfarraige agus na héisc. | with the sea and the fish. |

| **Ceisteanna** | **Questions** |
|---|---|
| Q1. Cá ndeachaigh an chlann? | Where did the kids go? |
| | |
| Q2. An raibh mórán daoine ann? | Were there a lot of people there? |
| | |
| Q3. Cé a bhí ina luí? | Who was lying down? |
| | |
| Q4. Cad a bhí na fir ag déanamh? | What were the men doing? |
| | |
| Q5. Cad leis a raibh na fir ag éisteacht? | What were the men listening to? |
| | |
| Q6. Cár shuigh na páistí? | Where did the children sit? |
| | |
| Q7. An raibh sé te nó fuar? | Was it hot or cold? |
| | |
| Q8. Cad a rinne na páistí tar éis dóibh an charraig a shroicheadh? | What did the children do after they reached the rock? |
| | |
| Q9. Cé chomh fada is a rith na páistí? | How far did the children run? |
| | |
| Q10. Cad a bhí ó Mhairéad? | What did Mairead want? |
| | |
| Q11. Cé a dúirt le Mairéad deifir a dhéanamh? | Who told Mairead to hurry up? |
| | |
| Q12. Ar thaitin an lá leis na páistí? | Did the children enjoy the day? |
| | |
| Q13. Cad iad na rudaí atá le fáil san fharraige? | What are the things that can be found in the sea? |
| | |
| Q14. An maith leat dul go dtí an trá? | Do you like to go to the beach? |
| | |
| Q15. An maith leat iasc a ithe? | Do you like to eat fish? |
| | |